Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

*Polasaí um Úsáid Inghlactha (AUP) – Leagan Oiriúnach do Leanaí*

**Caighdeán 1.2:** Tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí atá riachtanach ag daltaí chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint

## Polasaí um Úsáid Inghlactha (AUP) – Leagan Oiriúnach do Leanaí

### 1. An Teicneolaíocht a Úsáid don Fhoghlaim

- Úsáidfidh mé gléasanna scoile (ríomhairí, táibléid, ríomhairí glúine) don obair scoile agus don fhoghlaim.
- Leanfaidh mé treoracha mo mhúinteora agus an teicneolaíocht á húsáid agam.
- Ní bhainfidh mé úsáid ach amháin as suíomhanna gréasáin, aipeanna, agus uirlisí a cheadaigh mo mhúinteoir.

### 2. Bheith Sábháilte ar Líne

- Coinneoidh mé m'eolas pearsanta príobháideach (m'ainm iomlán, seoladh uimhir ghutháin, pasfhocail).
- Inseoidh mé le duine fásta má fheicim rud éigin ar líne a chuireann imní, brón nó mearbhall orm.
- Ní labhróidh mé ach amháin le daoine ar líne má dheir mo mhúinteoir nó duine fásta dílis go bhfuil sé sábháilte.

# Creat Foghlama Digití

*Polasaí um Úsáid Inghlactha (AUP) – Leagan Oiriúnach do Leanaí*

## 3. Bheith Cineálta agus Measúil

- Beidh mé cineálta nuair atáim ar líne, díreach mar atáim ar scoil.
- Ní sheolfaidh mé teachtaireachtaí nach bhfuil deas nó ní roinnfidh mé aon rud a d’fhéadfadh duine éigin a mhaslú.
- Beidh meas agam ar obair agus smaointe daoine eile.

## 4. Gléasanna Digiteacha a Úsáid go Freagrach

- Tabharfaidh mé aire do ghléasanna scoile agus úsáidfidh mé iad ar an mbealach ceart.
- Ní dhéanfaidh mé iarracht na socruithe a athrú, aipeanna a shuiteáil ná rochtain a fháil ar rudaí nár cheart dom.
- Ní bhainfidh mé úsáid as an idirlíon ach amháin nuair a thugann duine fásta cead dom.

## 5. Ag Smaoineamh sula Roinnim

- Ní ghlacfaidh mé grianghraif, físeáin ná taifeadtaí d’aon duine eile gan cead.
- Ní roinnfidh mé grianghraif ná físeáin ar líne, ach amháin má thugann múinteoir cead dom.
- Tuigim chomh luath is a roinntear rud éigin ar líne, tá sé deacair é a bhaint.

Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

*Polasaí um Úsáid Inghlactha (AUP) – Leagan Oiriúnach do Leanaí*

### 6. Fadhbanna a Thuairisciú

- Má theipeann ar rud éigin, inseoidh mé le múinteoir nó duine fásta dílis ar an bpointe é.
- Ní dhéanfaidh mé iarracht fadhbanna a réiteach liom féin nó botúin a chur i bhfolach.

### 7. Bheith Ionraic

- Ní ligfidh mé orm féin gur duine eile mé ar líne.
- Ní bhainfidh mé úsáid as ainm úsáideora nó pasfhocal duine eile.

### 8. An Teicneolaíocht a Úsáid go Cothrom

- Roinnfidh mé gléasanna le daoine eile.
- Bainfidh mé úsáid as an teicneolaíocht ag na hamanna cearta agus ar son na gcúiseanna cearta.

### Comhaontú

Léigh mé an Polasaí um Úsáid Inghlactha seo.

Tuigim é agus aontaím é a leanúint agus an teicneolaíocht á húsáid agam ar scoil chun cabhrú liom a bheith sábháilte ar líne.

**Ainm an Dalta:** ____________________________

**Síniú Tuismitheora/Caomhnóra:** _______________

**Dáta:** __________________________________